II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2021/1109 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Iúil 2021

lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh séaclaí móra dearga i bhfolimistéir gheografacha 9, 10 agus 11 de GFCM le haghaidh soithí áirithe a bhfuil bratach na hIodáile ar foluain acu

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2021/90 ón gComhairle ([2]) deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021.

(2) An uasiarracht iascaireachta incheadaithe a bhaineann leis an séacla mór dearg i bhfolimistéir gheografacha 9, 10 agus 11 de GFCM agus is infheidhme maidir le soithí a bhfuil bratach na hIodáile ar foluain acu nó atá cláraithe san Iodáil agus atá cothrom le 24 mhéadar nó níos faide ná sin, meastar gur baineadh amach í le haghaidh 2021 de réir na faisnéise a fuair an Coimisiún.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stocghrúpa sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ídiú iarrachta

An uasiarracht iascaireachta incheadaithe a leithdháileadh ar an Iodáil le haghaidh stocghrúpa an tséacla mhóir dheirg i bhfolimistéir gheografacha 9, 10 agus 11 de GFCM le haghaidh 2021 dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar í a bheith bainte amach ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Toirmisc

Gníomhaíochtaí iascaireachta le haghaidh an stocghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 1 ag soithí a bhfuil bratach na hIodáile ar foluain acu nó atá cláraithe san Iodáil agus atá cothrom le 24 mhéadar nó níos faide ná sin, toirmeascfar iad ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn. Go háirithe, beidh toirmeasc ar éisc, ón stoc sin a ghabh na soithí sin, a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2021/90 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L 31, 29.1.2021, lch. 1).

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Virginijus SINKEVIČIUS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Uimh.	**10/TQ90**
Ballstát	**An Iodáil**
Cód an ghrúpa iarrachta iascaireachta	**EFF2/MED2_TR4**
Stocghrúpa	**An séacla mór dearg in FLGanna 9, 10 agus 11**
Fad foriomlán na soithí lena mbaineann	≥ **24 mhéadar**
Dáta deiridh	**15.6.2021**